

1. Tá an cupán **mór**. The cup is **big**.
Tá an ghloine **mór**. The glass is **big**.
- Tá cupán **mór** agam. I have a **big** cup.
Tá gloine **mhór** agam. I have a **big** glass.

mór	big	beag	small
glan	clean	salach	dirty
milis	sweet	géar	sour
te	warm	fuar	cold
tirim	dry	fliuch	wet

2. Tá na cupáin **mór**. The cups are **big**.
Tá na gloiní **mór**. The glasses are **big**.
- Tá cupáin **mhóra** agam. I have **big** cups.
Tá gloiní **móra** agam. I have **big** glasses.
3. Cén dath atá ar an gcupán? What color is the cup?
Tá dath **gorm** air. Is cupán **gorm** é. It's **blue**. It's a **blue** cup.
- Cén dath atá ar an gloine? What color is the glass?
Tá dath **bán** uirthi. Is gloine **bhán** í. It's **white**. It's a **white** glass.

bán	white	dubh	black
glas	green	gorm	blue
buí	yellow	oráiste	orange
dearg / rua	red / red-haired	liath	grey

4. An bhfuil an fharraige **te** nó **fuar** i San Diego? Is the ocean **warm** or **cold** in San Diego?
- An bhfuil cat **beag** agat? Do you have a **small** cat?
- An fearr leat madraí **móra** nó madraí **beaga**? Do you prefer **big** dogs or **small** dogs?
- An ólann tú deochanna **milse**? Do you drink **sweet** drinks?
- Cén dath atá ar do charr? What color is your car?
- Cén dath atá ar do chuid gruaige? What color is your hair?

An Geall

le Liam Mac Uistín

1. D'oscail Colm Ó Sé a shúile agus lig sé cnead as.
2. Chas sé sa leaba agus d'fhéach sé ar an gclog a bhí ar an mbord in aice na leapa.
3. Bhí na lámha ag tarraingt ar mheán lae.
4. Lig sé cnead eile as agus tharraing sé na héadaí leapa thar a cheann.
5. Bhí diabhal **beag damanta** éigin ag bualadh a chláir éadain la casúr cruach.
6. Bhí scór diabhal ag sá priocairí **te** ina ghoile.
7. Bhí céad diabhal ag sá spící **bioracha** isteach ina shúile.
8. Nocht sé a cheann arís agus thosaigh sé ag lúbarnaíl **go míshuaimhneach**.
9. Tháinig imeachtaí na hoíche aréir ar ais ina chuimhne.
10. Chuir sé tús leis an oíche ag ól lena chairde sa Ghluaisteán **Glas**, an tábhairne i lár na cathrach inar ghnách leo bualadh le chéile.
11. Ansin chuaigh siad ar aghaidh go dtí Bealach na Bó Finne, an club oíche **galánta** taobh ó dheas den chathair.
12. D'ól sé **go trom** ansin agus bhí sé chomh **meidhreach** le dreoilín teaspaigh nuair a thug sé an cailín faoi deara.
13. Bhí sí ina suí le cúpla cailín eile ag an mbord in aice leis.
14. Chuir a gáire drithlín gliondair tríd.
15. Chuir a gnúis **álainn** agus a folt **buíbhán** faoi dhraíocht é.
16. Tar éis tamaillín, d'éirigh leis dul chun cainte léi.
17. Tar éis tamaillín eile bhí sé ina shuí in aice léi agus a lámh faoina com aige.
18. D'ordaigh sé seaimpéin agus d'ól siad sláinte a chéile.

The Bet

by Liam Mac Uistín

Colm O'Shea opened his eyes and groaned.
He turned in the bed and looked at the clock that was on the table next to the bed.
The hands were approaching noon.
He groaned again and pulled the bedclothes over his head.
Some **wicked little** devil was pounding his forehead with a steel hammer.
Twenty devils were sticking **hot** pokers into his stomach.
A hundred devils were sticking **pointed** spikes in his eyes.
He exposed his head again and began to twist **uncomfortably**.
The events of the previous night came back in his memory.
He started the night drinking with his friends in the **Green Car**, the downtown pub where they would usually meet each other.
Then they went on to the Milky Way, the **elegant** night club on the south side of the city.
He drank **heavily** then and he was as **merry** as a grasshopper when he noticed the girl.
She was sitting with a few other girls at the table next to him.
Her laugh put a spark of joy through him.
Here **lovely** face and her **pale blond** hair enchanted him.
After a little while, he managed to go speak with her.
After a while longer, he was sitting next to her with his hand around her waist.
He ordered champagne and they drank each other's health.

One Morning in June

Lasairfhíona Ní Chonaola

- | | |
|--|---|
| 1. One morning in June agus mé ag goil ag spaisteoireacht | One morning in June as I went strolling |
| 2. Casadh liom cailín ba ró-dheas a gnaoi | I met a young maiden whose looks they were very nice , |
| 3. She was so handsome gur thit mé i ngrá léithe | She was so handsome that I fell in love with her |
| 4. D'fhága sí arraing i gceartlár mo chroí | She left a pang in my heart's core. |
| 5. I asked her her name nó cad é an ruaig bheannaithe | I asked her her name or what blessed chasing was it |
| 6. Chas ins an áit thú, a ghrá ghil mo chroí? | Sent you to this place, o bright love of my heart? |
| 7. My heart it will break if you don't come along with me | My heart it will break if you don't come along with me, |
| 8. Slán is beannacht le buaireamh an tsaoil. | Farewell and a blessing to the troubles of life! |
| 9. Ó cailín deas óg mé ó cheantar na farraige | Sure I'm a nice young girl from the area of the sea |
| 10. Tógadh go cneasta mé i dtosach mo shaoil. | Brought up decently at the start of my life, |
| 11. I being so airy ó, sé siúd ba chleachtach liom | I being so airy, and that was customary with me |
| 12. Which made my own parents and me disagree. | Which made my own parents and me disagree. |
| 13. A chuisle is a stór, ach an éisteofá liom tamall | My heart and my darling, if you'll listen to me a while |
| 14. I'll tell you a story ab ait le do chroí | I'll tell you a tale that will gladden your heart: |
| 15. That I'm a young man who's totally in love with you | That I'm a young man who's totally in love with you |
| 16. Surely my heart is from roguery free. | Surely my heart is from roguery free. |

One Morning in June

Lasairfhíona Ní Chonaola

- | | |
|--|--|
| 17. Oh, go you bold rogue, don't be trying to flatter me | Oh, go, you bold rogue don't be trying to flatter me |
| 18. Is fearr éan ins an lámh ná dhá éin ar an gcraobh | A bird in the hand is better than two birds on the branch |
| 19. Sure I've neither wheat, potatoes or anything | I've neither wheat, potatoes or anything |
| 20. Ná fiú an phluid leapan le dul tharainn san oíche. | Or even a blanket to go around us at night. |
| 21. Ó ceannóidh mé tae dhuit is gléasfaidh tú in aice sin | I will buy you tea and you'll get dressed besides |
| 22. Gúna English cotton den fhaisiún atá daor | A gown of English cotton in a costly style; |
| 23. So powder your hair love and come away 'long with me | So powder your hair love, and come away 'long with me |
| 24. Slán is beannacht le buaireamh an tsaoil. | Farewell and a blessing to the troubles of life! |
| 25. There's an alehouse nearby agus beimid go maidin ann | There's an alehouse nearby, and we'll be there till the morning, |
| 26. If you're satisfied, a ghrá ghil mo chroí | If you're satisfied, bright love of my heart, |
| 27. Early next morning we'll send for the clergyman | Early next morning, we'll send for the clergyman |
| 28. Beimid ag ceangailt i ngan fhios don tsaol | We shall be married and no one will know. |
| 29. Ó beimid ag ól a fad 's mhairfeas an t-airgead | We'll go drinking for as long as the money lasts; |
| 30. Then we will take the road home with good speed | Then we will take the road home with good speed; |
| 31. When the reckoning is paid, who cares for the landlady | When the reckoning is paid, who cares for the landlady? |
| 32. Slán is beannacht le buaireamh an tsaoil. | Farewell and a blessing to the troubles of life! |